

## Ag Ullmhú i gcomhair an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Is sa chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a dhéanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus ina dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlama na scoláirí’.


### Léargas ginearálta ar an bpróiseas athbhreithnithe

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí a bheith ag plé obair scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh ról tábhachtach aige sa mhéid is go gcabhróidh sé le múinteoirí tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trína chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar fhianaise obair na scoláirí agus tríd an bhfoghlaim agus na straitéisí teagaisc a bhí taobh thiar den obair sin a roinnt.

### Is iad na cuspóirí atá leis an bpróiseas athbhreithnithe:

- níos mó leanúnachais a fháil i mbreithiúnas múinteoirí agus san aiseolas a thugtar do scoláirí
- breithiúnais a bheith ag cloí níos fearr leis na caighdeán ionchais
- agus a chur ina luí ar thuismitheoirí agus ar dhaoine eile go bhfaigheann scoláirí an t-aitheantas cuí ar sin a gcuid gnóthachtála de réir na gcaighdeán agus na n-ionchas.

## Roimh an gcrúinniú AFMÁ



### *Maidir le Múinteoirí*

Obair scoláirí a mheas de réir na nGnéithe Cáilíochta Samplaí anótáilte de chuid CNCM a athbhreithniú mar is gá. ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie))

An Tuairiscín a thairfead mar aon le haon phointe ábhartha eile a thiocfadh a bheith úsáideach le tagairt dó le linn an chruinnithe AFMA.

Sampla amháin a aimsiú, do gach tuairiscín, nuair is féidir, le húsáid sa chruinniú AFMÁ.

Sonraí ar shamplaí oibre atá le plé a chur isteach chuig an éascaitheoir roimh an gcrúinniú.




### *Maidir le hÉascaitheoirí*

Teagmháil a dhéanamh le múinteoirí chun dáta agus am a shocrú don chruinniú AFMÁ.

Ord reatha a shocrú don chruinniú AFMÁ.

## Le linn an Chruinnithe AFMÁ



### **Maidir le múinteoirí**

- Sampla amháin a chur i láthair ag an leibhéal “Ionchais le Baint Amach Fós”
- An píosa oibre a athbhreithniú i gcomhar le chéile
- Nóta a dhéanamh de na himpleachtaí atá le cinntí a dhéantar le linn an chruinnithe don chuid eile d’obair na scoláirí a ndearna siad measúnú uirthi
- Díriú ar chur chuige ‘is fearr a oireann’ a ligeann do mhúinteoirí aontú ar na tuairiscíní ar an iomlán is oiriúnaí don obair atáthar a phlé
- Gabh tríd an bpróiseas arís le sampla ó gach ceann de na tuairiscíní eile, ar a sheal.



### **Maidir le hÉascaitheoirí**


- An cruinniú a oscailt ag cur béime ar leanúnachas breithiúnais agus ar thuiscint chomónta faoi cháilíocht foghlama na scoláirí.
- Aird a dhíriú ar luach an chruinnithe i dtaca leis an aiseolas a thugtar do scoláirí.
- An plé ginearálta ar shamplaí oibre agus ar Thuairiscíní a stiúradh agus nótaí a ghlacadh d’aon chinntí a dhéantar.
- Iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú ach díriú go háirithe ar eolas agus scileanna gairmiúla a fhorbairt

## Tar éis an chruinnithe AFMÁ



### **Maidir le Múinteoirí**

- Meabhrú ar mheasúnú a gcuid scoláirí bunaithe ar an gcruinniú AFMÁ.
- A dtuairiscíní deiridh do gach scoláire a thuairisciú
- Aiseolas a thabhairt do scoláirí a dhíríonn a n-aird ar dhul chun tosaigh ina gcuid oibre.



### **Maidir le hÉascaitheoirí**

- Tuairisc an Éascaitheora a chríochnú agus a sheoladh chuig an bPríomhoide
- Meabhrú ar na nithe ar éirigh go maith leo agus ar nithe a d’fhéadfaí a fheabhsú sa chéad chruinniú AFMÁ eile.

Is féidir breis eolais a fháil san Fhoireann Uirlisí Measúnaithe ar ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie))  
Is féidir cáipéisí ábhartha a íoslódáil ó rannán na hAmharc-ealaíne ar ([www.jct.ie](http://www.jct.ie))

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE**  
for teachers